Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Prótacal Idirthréimhseach

# Treoir an Dea-Chleachtais um Leanúint le Scaipeadh an COVID-19 a Chosc

31.01.2022

# Clár

**1. Réamhrá ......................................................................................................2**

A. Comhthéacs 2

B. Ag obair le chéile chun an COVID-19 a chosc in ionad na hoibre 4

**2. Céimeanna chun Scaipeadh an COVID-19 in Ionad na hOibre a Laghdú ..5**

A. Coinnigh Plean Freagartha ar an COVID-19 i bhfeidhm 5

B. Coinnigh na beartais agus na gnáis chun oibrithe a bhféadfadh comharthaí an COVID-19 a bheith orthu  a aithint agus a leithlisiú go pras a aithint agus a leithlisiú go pras a aithint agus a leithlisiú go pras 6

C. Coinnigh na bearta Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe an COVID-19 (CRI) i bhfeidhm 7

C1. Sláinteachas Lámha ..........................................................................................7

C2. Sláinteachas Riospráide ......................................................................................8

C3. Scaradh Fisiciúil ................................................................................................9

C4. Ag Déileáil le Cás Amhrasta an COVID-19 in Ionad na hOibre........................9

C5. Oibrithe i mBaol ................................................................................................ 11

C6. Ag obair ón mbaile ............................................................................................ 12

C7. Glanadh ............................................................................................................ 13

C8. Ag Obair os comhair an Chustaiméara ............................................................ 13

C9 Aeráil ................................................................................................................. 13

C10. Tástálacha Diagnóiseacha Antaigin (ADTanna) agus Tástálacha Mear-Dhiagnóiseacha Antaiginí (RADTanna)........................................................ 14

C11. Vacsaíniú ........................................................................................................ 15

**3. Ról an Oibrí – i Suíomhanna Ionad na hOibre agus an Phobail ................16**

**4. Acmhainní na Comhairle agus na Faisnéise...........................................17**

# 1. Réamhrá

## A. Comhthéacs

Leanann bainistíocht na sláinte poiblí maidir le paindéim an COVID-19 in Éirinn ag forbairt i bhfianaise na n-imthosca agus na rioscaí a mbíonn athrú i gcónaí. Sí an doiciméad seo, *Prótacal Idirthréimhseach - Treoir an Dea-Chleachtais um Leanúint le Scaipeadh an COVID-19 a Chosc* atá tar éis teacht chun cinn ón bPrótacal Ag Obair go Sábháilte (a uasdátaíodh ar an 14 Eanáir 2022) agus a léiríonn comhairle na sláinte poiblí is déanaí, an treoir reatha le haghaidh filleadh sábháilte ar ionaid na hoibre agus oibriú sábháilte leanúnach iontu.

Ar an 21 Eanáir, d'fhógair an Rialtas go n-éascófaí roinnt beart na sláinte poiblí agus, ag an am céanna, chuir sé an bhéim ar dhíriú go leanúnach ar iompraíochtaí na cosanta pearsanta, bunaithe ar mheasúnuithe an riosca ar leith agus na hearnála, don tréimhse amach romhainn.

Ón 24 Eanáir i leith, tháinig deireadh leis an riachtanas maidir le hoibriú ón mbaile muna bhfuil gá le freastal go pearsanta ar ionad na hoibre. Ciallaíonn a leithéid gur féidir tús a chur le filleadh de réir a chéile ar thinreamh fisiciúil in ionad na hoibre. Ba cheart go leanfadh an filleadh céimnithe seo ar aghaidh, ag brath ar imthosca ionad na hoibre ar leith, arna threorú ag comhairliúcháin leis na hoibrithe, agus mar is cuí do gach earnáil.

Chun tacú leis an bhfilleadh ar thinreamh fhisiceach in ionad na hoibre, agus le hoibriú sábháilte leanúnach in ionad na hoibre, cuireadh an Prótacal Idirthréimhseach seo le chéile, a léiríonn cinneadh an Rialtais ar an 21 Eanáir. Tá sé bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo, chomh maith le treoir na sláinte poiblí is déanaí.

De bharr na n-athruithe is déanaí ar chomhairle na sláinte poiblí, baineadh amach roinnt beart lena n-áirítear, mar shampla, an riachtanas ginearálta a bhain leis an scaradh fisiciúil 2 mhéadar in ionad na hoibre. Baineadh freisin an gá atá le sonraí teagmhála a choinneáil, ach d'fhéadfadh go mbeadh ar fhostóirí faisnéis tinrimh a sholáthar mar is cuí don Roinn Sláinte Poiblí i gcás go bhfuil ráig san ionad oibre á fhiosrú acu. Mar chuid den fhilleadh fisiceacha céimnithe ar ionad na hoibre, iarrtar ar fhostóirí agus ar oibrithe tacaíocht a thabhairt do na dea-chleachtais leanúnacha, a ndearnadh a fhorbairt le dhá bhliain anuas agus a thacaíonn le timpeallacht shábháilte na hoibre do chách. Moltar go leanfaí leis na bearta maithe um

chosc agus um rialú na hionfhabhtuithe ar nós níocháin lámh, sláinteachas riospráide, agus an aeráil in ionad na hoibre. Leanann gnéithe ríthábhachtacha den fhreagairt maidir leis an COVID-19 i bhfeidhm lena n-áirítear an féin-aonrú tapa má tá na siomtóim ort (fiú má tá an vacsaín iomlán/treisithe agat) nó má ndearnadh tástáil dhearfach an COVID-19 ort.

Tá sé ríthábhachtach fós go nglacann gach éinne páirt i dteorannú an traschuir. Is baol do shláinte an phobail fós é an COVID-19. Níl an phaindéim thart agus tá an riosca ann fós maidir le teacht chun cinn, go náisiúnta agus go domhanda, leaganacha nua de le leibhéil mhéadaithe na traschurtha, an éalú imdhíonachta agus/nó na nimhneacha acu.

Leanfar leis an teagmháil idir an Rialtas, na ceardchumainn agus ionadaithe na bhfostóirí, faoi choimirce Fhóram Eacnamaíoch na bhFostóirí agus an Lucht Oibre, maidir leis an treoir a theastaíonn d'fhostóirí agus d'oibrithe don idirthréimhse amach romhainn, ag cur san áireamh treoir na sláinte poiblí is déanaí agus aon chinntí eile de chuid an Rialtais. Uasdátófarfar an Prótacal Idirthréimhseach, agus déanfar an treoir a athbhreithniú de réir mar is gá le linn na tréimhse amach romhainn.

Cuireann an Prótacal Idirthréimhseach seo an chomhairle agus an treoir riachtanach ar fáil d'fhostóirí agus d'oibrithe le haghaidh cosc agus rialú na hionfhabhtuithe (CRI) a chothabháil agus na bearta eile chun filleadh slán ar ionad na hoibre a cheadú agus leanúint lena oibriú go sábháilte.

Is comhiarracht fós é an Prótacal Idirthréimhseach seo ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Sláinte. Tagann an uasdátú seo freisin as an bplé agus an gcomhaontú ag Fóram Eacnamaíoch na bhFostóirí agus an Lucht Oibre (FEELO), arb é an fóram é le haghaidh an idirphlé ar ardleibhéil idir ionadaithe an Rialtais, na gCeardchumann agus na bhFostóirí ar na hábhair siúd a mbaineann leis an lucht oibre. Rinne Roinn an Taoisigh agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an obair seo a mhaoirsiú chomh maith.

Is doiciméad ginearálta í an treoir seo a baineann le gach earnáil. Níl sé i gceist cosc a chur ar bhearta ar leith a thabhairt isteach in earnálacha nó in ionaid oibre ar leith. De réir comhairle is déanaí na sláinte poiblí agus an Rialtais, agus de réir an doiciméad treorach seo, ba cheart

do gach gnólacht agus earnáil a bhfuil treoir ar leith acu athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar a dtreoir féin i gcomhréir leis an gcomhairle atá anseo. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfadh fostóirí, i gcomhairle lena gcuid oibrithe, machnamh a dhéanamh ar chuid de na cleachtais a tugadh isteach sa Phrótacal um Obair go Sábháilte a choinneáil, mar a foilsíodh an uair dheireanach ar an 14 Eanáir 2022.

Leanfaidh an Rialtas ag cur i bhfeidhm *Making Remote Work*, Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Chianobair, a thabharfaidh an tacaíocht d'fhostóirí agus d'fhostaithe a chinntiú tar éis na paindéime gur gné bhuan d'ionad oibre na hÉireann í an chianobair ar bhealach a bhainean na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil is mó as.

## B. Ag obair le chéile chun an COVID-19 a chosc in ionad na hoibre

Sé bunús ionad sábháilte na hoibre fós ná na príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl go láidir, an comhsheasmhacht maidir leis na beart um chosc agus um rialú ionfhabhtuithe, amhail iad siúd a léiríonn comharthaí a leithlisiú go tapa, a chur i bhfeidhm agus cur chuige comhoibríoch ata roinnte idir na fostóirí agus na hoibrithe. Ní mór d'fhostóirí, d'oibrithe agus/nó a gCeardchumann aitheanta nó a gcuid ionadaithe eile páirt leanúnach rialta a ghlacadh i mbearta coiscthe agus rialaithe na hionfhabhtuithe (CRI) an COVID-19 ina gcuid ionaid oibre d'ainneoin an athraithe ar chomhairle na sláinte poiblí ar an 21 Eanáir 2022.

Príomhról i ngach ionad oibre ó thosaigh an phaindéim is ea an Phríomhionadaí Oibrithe (PIO). Mar sin, moltar d'fhostóirí agus d'fhostaithe an ról seo a choinneáil i ngach ionad oibre, agus go mbeadh PIO amháin ar a laghad i bhfeidhm chun a chinntiú go leanann an fhreagracht chomhroinnte chun scaipeadh an COVID-19 in ionad na hoibre a chosc ar feadh idirthréimhse chuí. Ba cheart don PIO, i dteannta le foireann freagartha an COVID-19, tacú le cur i bhfeidhm aon bhearta CRI nua nó athbhreithnithe a theastaíonn. Ba cheart an duine nó na ndaoine a cheaptar a chur in iúl go soiléir laistigh d'ionad na hoibre.

De réir mar a chuirtear tús le filleadh céimneach ar ionad na hoibre, d'fhéadfadh go mbeadh imní ar leith ar oibrithe éigin faoin bhfilleadh fisiciúil agus ba cheart d'fhostóirí dul i gcomhairle leo agus aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní nuair is cuí.

# 2. Céimeanna chun Scaipeadh an COVID-19 in Ionad na hOibre a Laghdú

Cé go bhfuil athrú tagtha ar chomhairle shláinte an phobail agus ar chomhairle an Rialtais, tá roinnt céimeanna fós ann ina gcuideoidh fostóirí agus fostaithe le cur i bhfeidhm leanúnach chun cosc a chur ar scaipeadh an COVID-19 ina gcuid ionad na hoibre. Trí na céimeanna seo a choinneáil, cuirfear ar chumas ionaid na hoibre, na bhfostóirí agus na bhfostaithe freagairt a thabhairt go tapa má thagann athrú ar chomhairle na sláinte poiblí nó má thagann ardú ar leibhéil an COVID-19 amach anseo.

## A. Coinnigh Plean Freagartha ar an COVID-19 i bhfeidhm

Ba cheart d'fhostóirí, i gcomhairle leis na fostaithe agus a gcuid ionadaithe, leanúint leis na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm nó a ghlacadh:

- Déan an Plean Freagartha ar an COVID-19 a uasdátú chun comhairle athraithe na sláinte poiblí agus an chomhairle sa treoirdhoiciméad seo a chur san áireamh. Ba cheart a leithéid pleananna a n-uasdátú i gcomhairle leis na hoibrithe agus iad a chur in iúl nuair a bheidh siad tugtha chun críche;
- Déan ceapadh agus fostú leanúnach an Phríomhionadaí(ithí) na n-Oibrithe, de réir mar is cuí, a éascú;
- Déan measúnuithe riosca na sláinte agus na sábháilteachta san obair (SSO) agus ráiteas na sábháilteachta a athbhreithniú agus a uasdátú de réir mar a fhilleann na hoibrithe ar ionad na oibre go fisiceach agus de réir mar a dhéantar athruithe ar ionad na hoibre chun comhairle athraithe na sláinte poiblí, lena n-áirítear na sonraí atá sa doiciméad seo, a chur leo;
- Comieád na bearta i bhfeidhm chun déileáil le cás amhrasta ar bith den COVID-19 in ionad na hoibre;
- Comieád aon bheart nó freagairt ar leith chun déileáil le ráig an COVID-19 (féach ar threoir ghinearálta Lárionad Faire um Chosaint Sláinte ar bhainistiú ráigeanna an COVID-19 in ionad na hoibre – nasc).

## B. Coinnigh na beartais agus na gnáis chun oibrithe a bhféadfadh comharthaí an COVID-19 a bheith orthu a aithint agus a leithlisiú go pras a aithint agus a leithlisiú go pras a aithint agus a leithlisiú go pras

Is céim ríthábhachtach fós é bainistíocht agus leithlisiú éinne a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch le haghaidh an oibrí féin, a gcomhghleacaithe, a gcustaiméirí nó éinne eile in ionad oibre a chosaint. Is céim ríthábhachtach é freisin chun ráig in ionad na hoibre a chosc óna scaipthe amach sa phobal i gcoitinne chomh maith le cásanna ag scaipeadh instach ón bpobal go dtí ionad na hoibre a gcosc. Ba cheart d'fhostóirí agus d'oibrithe leanúint orthu iad féin a gcoinneáil suas chun dáta maidir le gach faisnéis na sláinte poiblí toisc gur féidir leis an bhfaisnéis a athrú ar bhonn rialta.

Cé nach bhfuil an gá ann a thuilleadh le loga teagmhála a choinneáil maidir le sonraí na n-oibrithe agus na gcuairteoirí ar ionad na hoibre, d'fhéadfadh go mbeadh ar fhostóirí faisnéis tinrimh a chur ar fáil de réir mar is cuí i gcás go gcaithfidh an Rannán áitiúil na Sláinte Poiblí imscrúdú a dhéanamh ar ráig.

**Ba cheart d'fhostóirí leanúint ar aghaidh ag:**

- tabhairt comhairle nach dtiocfadh éinne ar an obair má tá aon chomhartha an COVID-19 á léiriú aige nó má tá tástáil dhearfach an COVID-19 aige,
- cur treoir ar fáil le leanúint ag na hoibrithe má léiríonn siad aon chomhartha an COVID-19 agus iad i mbun oibre,
- taispeáint na faisnéise a baineann le comharthaí an COVID-19,
- comhoibriú le Oifigí áitiúil na Sláinte Poiblí má dheimhnítear cás agus/nó ráig an COVID-19 in ionad na hoibre agus ag cur aon ghníomhartha leantacha a theastaíonn i bhfeidhm; agus

**Ba cheart do na hoibrithe leanúint ar aghaidh freisin ag:**

- coinneáil iad féin ar an eolas faoi chomharthaí an COVID-19,
- fanacht ón obair má tá comharthaí an COVID-19 acu nó á léiriú acu,

- leanúint comhairle ná sláinte poiblí maidir le féin-aonrú,ag srianadh na gluaiseachta, ag tástáil agus ag déanamh cad ba cheart dóibh má aithnítear gur daoine dlúththeagmhála iad (faisnéis COVID-19 an FSS : rianú na teaghmhála)
- tuairisciú láithreach dá gcuid bainisteoirí má thagann comharthaí an COVID-19 chun cinn agus iad ar an obair; agus
- comhoibriú le pearsanra na Sláinte Poiblí agus a bhfostóir le haghaidh rianú na teagmhála agus ag leanúint le gach chomhairle sláinte poiblí a thugtar i gcás cás nó ráig ina n-ionad oibre.

# C. Coinnigh na bearta Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe an COVID-19 (CRI) i bhfeidhm

Cé nach bhfuil roinnt beart éigeantach a thuilleadh, sé comhairle na sláinte poiblí fós ná go n-aonródh éinne a bhfuil comhartha an COVID-19 orthu é féin nó má tá tástáil dhearfach an COVID-19 aige. Molann lucht sláinte an phobail fós an vacsaíniú, lena n-áirítear teanndáileog a fháil, toisc gur chosnaíonn sé an duine ón mbreoiteacht thromchúiseach. Leanann lucht sláinte an phobail le comhairle a chur ar bhearta sainearnála amhail an féin-aonrú gasta a chur chun cinn nuair a bhíonn na comharthaí ag an oibrí, an úsáid chuí a bhaint as maisc aghaidhe (lasmuigh de na hearnálacha rialaithe ar leith ina bhfuil fós gá le maisc aghaidhe), an scaragh fisiciúil, sláinteachas na láimhe agus na riospráide, an aeráil agus an chomharthaíocht a bhreithniú. Ba cheart don fhostóir mar sin, i gcomhairle lena chuid oibrithe agus tar éis breithniú a dhéanamh ar a n-ionaid oibre ar leith, na bearta thíos a choinneáil i bhfeidhm. Is féidir leis an bhfostóir, tar éis á dul i gcomhairle leis na hoibrithe, leanúint leis an gcomhairle a leagadh amach sa Phrótacal um Obair go Sábháilte roimhe seo, má mheastar go bhfuil gá lena leithéid ina n-ionad oibre ar leith.

## C1. Slántachas Láimhe

Tá éifeacht fós ag níochán rialta na láimhe le galúnach agus uisce le haighaidh an COVID-19 a bhaint uathu.

**Ba cheart d'fhostóirí:**

- a chinntiú go bhfuil áiseanna agus ábhair chuí na sláinteachais i bhfeidhm chun freastal ar na hoibrithe a chloíonn le bearta sláinteachais na láimhe,
- comhairle a chur ar fáil maidir leconas sláinteachas na láimhe a cur i bhfeidhm go héifeachtach,
- póstaeir a thaispeáint ar conas na lámha a ní in áiteanna cuí ar fud ionad na hoibre,
- díghalráin láimhe a chur ar fáil (alcól nó neamh-alcól) muna féidir teacht ar áiseanna níocháin. Más díghalráin alcólbhunaithe an roghnú, is gá leibhéal 60% alcól ar a laghad. **Tabhair faoi deara**: tá díghalráin láimhe alcólbhunaithe an-inadhainte agus ní féidir á stóráil ná á n-úsáid in aice leis an teas nó lasair nocht.
- áiseanna a chur ar fáil do shláinteachas rialta na láimhe le haghaidh obair lasmuigh, iad gar d'áit oibre an oibrí más féidir. Ba cheart áiseanna leithris a chur ar fáil lasmuigh freisin, más féidir.

**Ba cheart do na hoibrithe:**

- an treoir agus an chomhairle maidir le sláinteachas na láimhe a leanúint,
- a gcuid lámha a ní le gallúnach agus uisce nó le díghalráin láimhe ar feadh 20 soicind ar a laghad,

## C2. Sláinteachas Riospráide

Chomh maith le sláinteachas na láimhe, tá sláinteachas agus béasaíocht maith na riospráide riachtanach fós.

**Ba cheart d'fhostóirí:**

- fíocháin chomh maith leis na boscaí/málaí bruscair a chur ar fáil lena ndiúscairt,
- na boscaí bruscair a fholmhú go rialta; agus
- comhairle a chur ar fáil ar dhea-chleachtas na riospráide lena n-áirítear úsáid, stóráil agus diúscairt shábháilte na maisc/clúdaigh aghaidhe agus glanadh sábháilte na clúdaigh aghaidhe .

**Ba cheart do na hoibrithe:**

- glacadh le dea-shláinteachas na riospráide agus béasaíocht na casachta; agus
- cloí leis an dea-chleachtas maidir le húsáid, stóráil agus diúscairt shábháilte na maisc/clúdaigh aghaidhe agus glanadh sábháilte na clúdaigh aghaidhe.

## C3. Scaradh Fisiciúil

Baineadh an gá leis an scaradh fisiciúil 2 mhéadar a choinneáil agus le meithealacha seisear a ghlacadh le haghaidh imeachtaí laistigh. Mar sin féin, tugann comhairle na sláinte poiblí le fios do dhaoine ar leith agus d'earnálacha gur dea-chleachtas i gcónaí é glacadh leis an scaradh fisiciúil.

Is féidir le fostóirí a roghnú cuid de na cleachtais nó de na socruithe a bhí i bhfeidhm agus a bhí bunaithe ar an bPrótacal um Obair go Sábháilte a choinneáil ar feadh tréimhse fillte ar an oifig. D'fhéadfadh leanúint le bearta maidir le béasaíocht na láimhe agus na riospráide agus leis an aeráil i gcruinnithe, in imeachtaí nó san oiliúint.

Níl an riachtanas dlíthiúil maidir le masc aghaidh/clúdach a chaitheamh i bhfeidhm ach amháin i leith shuímh rialaithe ar leith (m.sh. cúram sláinte, iompar poiblí, tacsaithe, oifigí poiblí, áitribh na miondíola srl). Cuireann na rialacháin, a mbeidh i bhfeidhm go dtí an 28 Feabhra 2022, an iachall ar oibrithe sna háitribh lena mbaineann masc aghaidh/clúdach aghaidh a chaitheamh agus iad i mbun ullmhúcháin, seirbheála bia le n-itheadh nó deochanna le n-ól san áitreabh ((IR Uimh. 571/2020) comhdhlúite, nasc).

Lasmuigh de na suíomhanna rialaithe thuas, is dea-chleachtas fós é leanúint ar aghaidh ag úsáid maisc aghaidhe/clúdaigh go háirithe in áiteanna plódaithe. Is féidir le hoibrithe a úsáideann nó a roinneann feithiclí oibre smaoineamh ar úsáid a bhaint as masc aghaidh/clúdach. Ba cheart dóibh siúd atá ar ardbhaol comhairle na sláinte poiblí a leanúint freisin maidir le maisc a chaitheamh, lena n-áirítear masc máinliachta nó FFP2 a chaitheamh agus iad i suíomhanna plódaithe laistigh (nasc). Má chaitear maisc aghaidhe/clúdaigh, ba chóir á bheith glan agus níor cheart á roinnt nó á láimhseáil ag chomhghleacaithe eile. Ba cheart d'fhostóirí leanúint ar aghaidh ag tacú agus ag éascú úsáid maisc aghaidhe ag oibrithe ar mhian leo leanúint lena n-úsáid.

## C4. Ag Déileáil le Cás Amhrasta an COVID-19 in Ionad na hOibre

Sí an phríomhtheachtaireacht fós ná nár cheart d'éinne freastal ar an ionad na hoibre má tá aon chomharthaí an COVID-19 á léiriú aige nó má tá tástáil dhearfach an COVID-19 aige.

Mar sin féin, cé nár cheart don oibrí freastal ar ionad na hoibre má tá aon chomharthaí de COVID-19 á léiriú aige, leagtar amach anseo a leanas na céimeanna ar cheart d'fhostóirí a choinneáil chun déileáil le cás amhrasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na hoibre.

**Ba cheart d'fhostóirí**:

- struchtúr freagartha sainithe a chur ar fáil a aithníonn an fhoireann/na foirne a bhfuil an dualgas orthu freagra a thabhairt ar chás amhrasta i bplean freagartha an COVID-19,
- bainisteoir cáis/duine/daoine teagmhála ainmnithe a cheapadh chun déileáil le cásanna amhrasta,
- áit leithlisithe ainmnithe a aithint roimh ré. Ba cheart go mbeadh an áit ainmnithe agus an bealach chuici inrochtana go héasca agus, chomh fada agus is réasúnach agus indéanta, ba cheart go mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas uirthi,
- smaoineamh ar chás ina léiríonn níos mó ná duine amháin comharthaí an COVID-19 agus áiteanna leithlisithe breise a chur ar fáil nó plean teagmhasach eile chun déileáil leo,
- a chinntiú go bhfuil an áit sainithe in ann an duine a aonrú taobh thiar de dhoras dúnta. Muna bhfuil áit dúnta ar fáil, ní mór don fhostóir foráil a dhéanamh d'áit nach bhfuil i ngar do na hoibrithe eile; agus
- a chur ar fáil de réir mar is indéanta:
    - Aeráil, sin é, trí fhuinneog a oscailt,
    - Fíocháin, sláintíocht láimhe, dífhabhtán agus/nó ceirtíní,
    - TCP, lámhainní, masc análaithe nó ar ghrád leighis; agus
    - Málaí/boscaí dramhaíola.

Má léiríonn aon oibrí comharthaí an COVID-19 le linn oibre, ní mór don bhainisteoir cáis/duine teagmhála ainmnithe agus don fhoireann freagartha:

- an t-oibrí a leithlisiú agus an gnás a chur i bhfeidhm chun á thionlacan chuig an áit sainithe thar bhealach an leithlisithe, an fad sabháilte a choimeád uaidh agus a chinntiú go gcloíonn daoine eile lena leithéid faid freisin,
- masc ar ghrád leighis nó riospráide a chur ar fáil don duine a bhfuil na comharthaí air. Ba cheart don oibrí an masc análaithe nó ar ghrád leighis a chaitheamh má tá sé i gcomhlimistéar le daoine eile nó ag fhágáil an áitribh dó,
- measúnú an féidir treoir a thabhairt láithreach don duine dul abhaile, tástáil a fháil agus comhairle na sláinte poiblí a leanúint,
- an duine a bhfuil na comharthaí air a éascú fanacht ina aonar muna bhfuil sé in ann dul abhaile láithreach agus socrú a dhéanamh le tástáil a fháil. Ba chóir comhairle a thabhairt don duine siomptóimach a bhéal agus a shrón a chlúdach leis na fíocháin indiúscartha a chuirtear ar fáil nuair a bhíonn siad ag casachtach nó ag sraothartach agus an fíochán a chur sa mhála dramhaíola a chuirtear ar fáil,
- an duine a iompar abhaile nó a iompar chuig an ospidéal a shocrú le haghaidh measúnú leighis más gá,
- measúnú a dhéanamh ar an eachtra, a bheidh mar chuid den chinneadh maidir le gníomhartha leantacha agus téarnamh,
- socrú a dhéanamh le haghaidh glanadh cuí na háite leithlisithe agus na limistéir oibre atá i gceist (déan tagairt leis an mír thíos i leith Glantacháin); agus
- comhairle agus cúnamh a chur ar fáil má dhéanann Rannán na Sláinte Poiblí/FSS teagmháil maidir le rianú teagmhála.

**Tabhair faoi deara:** Má tá seirbhís sláinte ceirde ar leith i bhfeidhm ag an bhfostóir, is féidir leis an bhfostóir úsáid a bhaint as a leithéid seirbhíse chun freagairt agus tacú leis na bearta a dhéileálann le cás deimhnithe nó amhrasta den COVID-19 mar atá leagtha amach thuas.

## C5. Oibrithe i mBaol

Is féidir le hionfhabhtú leis an víreas is cúis le COVID-19 breoiteacht, idir éadrom agus thromchúiseach, a chruthú agus, i gcásanna áirithe, is féidir leis a bheith marfach. I gcás roinnt daoine agus oibrithe, baineann rioscaí níos airde leis. Tá dhá leibhéal ar ardriosca ann – riosca

an-ard (thar a bheith leochaileach) agus ardriosca. Baineann comhairle na sláinte poiblí éagsúil leis an dhá ghrúpa seo ar leith agus ba cheart d’fhostóirí cloí lena leithéid chomhairle mar is cuí.

De réir mar a fhilleann na hoibrithe ar ionad na hoibre, ba cheart d’fhostóirí riachtanais ar leith na ndaoine sin sna catagóirí riosca ard nó an-ard (thar a bheith leochaileach) a chur san áireamh. Sí comhairle na sláinte poiblí ná gur chóir go bhfaigheadh a leithéid daoine an vacsaín agus gur cheart dóibh comhairle na sláinte poiblí a leanúint maidir le maisc a chaitheamh, lena n-áirítear masc máinliachta nó FFP2 a chaitheamh agus iad i suíomhanna plódaithe laistigh (nasc).

D’fhéadfadh go mbeadh imní ar leith ar oibrithe atá i mbaol filleadh ar ionad fisiciúil na hoibre agus ba cheart d’fhostóirí dul i dteagmháil leo agus dul i ngleic le hábhair a gcuid imní. D’fhéadfadh go mbeadh gá le measúnú liachta an riosca um fheidhmiúlacht chun oibre a dhéanamh leis an oibrí ag cleachtóir Sláinte Ceirde an fhostóra (má tá a leithéid ar fáil) agus/nó ag dochtúir teaghlaigh an oibrí. Tá treoir maidir leis an bhFeidhmiúlacht chun Oibre ar fáil ó shuíomh Gréasáin an ÚSS (nasc).

## C6. Ag obair ón mbaile

Fógraíodh filleadh céimnithe ar an ionad oibre agus, de réir mar a thosaíonn fostóirí á gcur i bhfeidhm, ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis na hoibrithe agus a gcuid ionadaithe agus cumarsáid a dhéanamh leo. D’fhéadfadh go mbeadh imní ar roinnt oibrithe faoin bhfilleadh fisiciúil ar ionad na hoibre agus, ina leithéid cásanna, ba cheart don fhostóir plé a dhéanamh agus dul i dteagmháil leis an duine i gceist agus iarracht a dhéanamh tacaíochtaí a chur ar fáil dó má tá siad ar fáil.

Iarrann an Rialtas freisin ar fhostóirí, i gcomhairle lena bhfostaithe, tosú ar a gcuid socruithe fadtéarmacha maidir le hobair measctha nó leis an gcianoibair a fhorbairt nó a thabhairt chun críche agus foilsíodh an dréachtreachtaíocht um a léithéid a chur ar bhonn foirmiúil. Ba chóir don fhostóir dul i gcomhairle leis na hoibrithe agus/nó leis na Ceardchumainn agus obair i gcomhar leo má tá aon bheartas cianoibre nó oibriú ón mbaile á fhorbairt aige. Tá an Treoir ar Oibriú Ó Bhaile ar fáil ón ÚSS.

## C7. Glanadh

Ba cheart leanúint ar aghaidh le glanadh ionad na hoibre go rialta.

**Ba cheart d'fhostóirí**:

- dianghlanadh rialta a dhéanamh ar dhromchlaí, seomraí agus áiteanna na hoibre ina bhfuil teagmháil leo go minic. Más gá áit ar leith a dhíghalrú, ní mór á dhéanamh chomh maith leis an nglanadh, agus ní riamh in ionad an ghlanta,
- ábhair ghlantacháin riachtanacha a chur ar fáil do na hoibrithe chun a spás oibre féin a choinneáil glan (mar shampla, ceirtíní, táirgí díghalraithe, tuáillí páipéir agus boscaí/málaí bruscair dramhaíola),
- díghalráin láimhe agus trealamh glantacháin a chur ar fáil dá bhfeithicil oibre, leis an nglanadh a dhéanamh roimh agus tar éis gach seal oibre;
- an dóthain pointí bailithe dramhaíola a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfolmhaítear iad go rialta nó de réir mar is gá;
- a chinntiú go bhfuil ábhair ghlantacháin oiriúnacha i bhfeidhm ar dheasca sealaíochta ionas gur féidir leis na hoibrithe an áit a ghlanadh roimh agus tar éis á húsáid.

## C8. Ag Obair os comhair an Chustaiméara

Agus comhairle uasdátaithe na sláinte poiblí nuashonraithe i bhfeidhm anois agus bearta srianta áirithe curtha ar ceal, beidh ar fhostóirí sna hearnálacha agus in ionaid na hoibre siúd, ina bhfuil teagmháil dhíreach le custaiméirí nó le cliaint, athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta atá i bhfeidhm. Tá caitheamh na masc fós ag teastáil sna suíomhanna seo a leanas - iompar poiblí, áitribh mhiondíola, áitribh áirithe ina n-ullmhaítear agus ina bhfreastalaítear bia agus deochanna (féach C.3 thuas).

Ba cheart leanúint le díghalráin láimhe a chur ar fáil ag pointí iontrála agus fágála, le taispeáint na comhairle ar COVID-19 in áiteanna feiceálacha agus leis an nglanadh rialta.

## C9 Aeráil

Baineann an aeráil le gluaiseacht an aeir lasmuigh isteach san fhoirgneamh, agus scaipeadh an aeir sin laistigh den fhoirgneamh nó den seomra agus an sean-aer a bhaint as chun

cáilíocht an aeir a fheabhsú. Is féidir a leithéid a bhaint amach trí mhodhanna nádúrtha (m.sh., fuinneog a oscailt) nó trí mhodhanna meicniúla m.sh. Córais Teasa, Aerála agus Aerchóirithe (TAA/HVAC). Cé go laghdaíonn an aeráil an méid víreas san aer agus riosca na na-aerasól, níl ach lag-thionchar aici ar tharchur na mbraoiníní nuair a bhíonn daoine laistigh de 2 mhéadar óna chéile, nó ar an tarchur teagmhála (dromchlaí tadhaill) - sé sin an fáth nach beart neamhspleách é agus tá sé fíor-riachtanach dá bharr cloí fós le comhairle eile na sláinte poiblí.

Ba cheart breathnú ar aeráil suíomhanna na hoibre iata a chinneadh mar chuid de mheasúnú an riosca in ionad na hoibre. Sé príomhghné measúnú an riosca ná na háiteanna siúd in ionad na hoibre a mbíonn daoine ag obair i gcónaí agus nach bhfuil aeráil mhaith orthu a n-aithint. Siad seo freisin na háiteanna ar cheart an tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh feabhsúcháin ionas go laghdófar an baol a bhaineann le tarchur aerasóil an víreais. D'fhéadfadh na háiteanna droch-aeráilte seo a leanas a bheith san áireamh:

- Áiteanna ina n-oibríonn daoine agus gan aon aeráil mheicniúil nó aeráil nádúrtha ar nós fuinneoga oscailte, doirse nó gaothairí srl ar fáil iontu.
- Áiteanna ina n-úsáidtear aeráil mheicniúil ach athshruthaíonn an córas an aer gan aon soláthar an aeir lasmuigh a bheith ar siúl.
- Áiteanna atá plúchta nó le droch--boladh ag teacht uathu.

Tá moltaí éagsúla déanta cheana féin maidir le líon cúí athrú an aeir in aghaidh na huaire (ACH) is gá do shuímh éagsúla laistigh. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir foriomlán aeráil ionad na hoibre a mhéadú cibé áit is féidir agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar leibhéal reatha na haerála gan cur isteach ar chompord na n-oibrithe/na n-áititheoirí.

Tá sonraí maidir leis an aeráil, lena n-áirítear conas measúnú a dhéanamh ar an aeráil in ionad na hoibre, ar fáil ón ÚSS ( faisnéis agus acmhainní an choróinvíris an ÚSS).

## C10. Tástálacha Diagnóiseacha Antaigin (ADTanna) agus Tástálacha Mear-Dhiagnóiseacha Antaiginí (RADTanna)

Tá Tástálacha Mear-Dhiagnóiseacha na n-Antaiginí (RADTanna) á n-úsáid ag sláinte an phobail faoi láthair chun cásanna den COVID-19 a aithint in aoisghrúpaí ar leith. Mar sin féin,

is rogha dheonach fós é á n-úsáid níos forleithne in ionaid na hoibre a bhféadfadh fostóirí, i gcomhairle le hoibrithe agus a n-ionadaithe, a bheith ag iarraidh a ghlacadh. Fiú má bhaintear úsáid as RADTanna in ionad na hoibre, ní mór cloí go hiomlán le comhairle ghinearálta shláinte an phobail maidir le níocháin na lámha, le caitheamh na masc/na gclúdach, le béasaíocht na riospráide agus leis an aeráil. Ina theannta sin, ní chuireann úsáid na RADTanna bac ar an riachtanas dian gur cheart do gach éinne ar a bhfuil comharthaí an COVID-19 orthu féin a aonrú agus gan freastal ar ionad na hoibre. Is féidir leis an bhfostóir comhairle a fháil óna sheirbhís sláinte saothair nó leighis maidir le clár tástála a bhunú. Má ghlacann ionad oibre le córas tástála an RAD, ní mór don fhostóirí an fhaisnéis phearsanta a bhailígh siad a choinneáil i gcomhréir le riachtanais an RGCS.

## C11. Vacsaíniú

Leagann comhairle na sláinte poiblí béim fós ar an vacsaíniú mar phríomhghné i gcoinne an COVID-19, ní amháin chun daoine a chosaint ó dhrochthinneas ach chun an pobal i gcoitinne a chosaint chomh maith. Ba cheart d'fhostóirí agus d'oibrithe a bheith ar an eolas maidir le faisnéis faoin straitéis reatha náisiúnta maidir le vacsaíniú i gcoinne an COVID-19 ( faisnéis an FSS i leith vacsaíniú an  COVID-19).

# 3. Ról an Oibrí – i Suíomhanna Ionad na hOibre agus an Phobail

Ba cheart go leanfadh oibrí comhairle agus treorach na sláinte poiblí mar a bhaineann siad le suíomhanna in ionad na hoibre agus sa phobal.

**Suíomhanna ha hOibre**

In ionad na hoibre, ba chóir don oibrí leanúint leis na riachtanais atá leagtha amach sa doiciméad seo agus le haon treoir ar leith ón bhfostóir. Ba cheart go leanfadh sé freisin ag cloí le dea-chleachtas sláinteachas na láimhe agus na riospráide. Má tá aon chomharthaí den COVID-19 le feiceáil, níor cheart dó freastal ar an obair agus ba cheart dó tástáil a fháil agus cloí le aon chomhairle sláinte poiblí lena bhaineann.

**Suíomhanna an Phobail**

Molann an tsláinte phoiblí go bhfuil sé tábhachtach leanúint ar aghaidh ag caitheamh maisc, ag cloí leis an scaradh fisiciúil agus ag seachaint timpeallachtaí plódaithe bunaithe ar mheasúnú an riosca ar leith, agus ag cloí le sláinteachas bunúsach na láimhe agus na riospráide. Ní mór d'oibrithe atá ag taisteal ar iompar poiblí chuig agus ón obair leanúint ar aghaidh ag caitheamh a gcuid masc aghaidh/clúdach. Ba cheart d'oibrithe smaoineamh freisin ar masc aghaidh/clúdach a chaitheamh agus ag taisteal chuig agus ón obair sa charr.

Ba cheart d'oibrithe, nach bhfuil vacsaín faighte acu go fóill, iad féin a chur ar an eolas faoi agus a bheith suas le dáta maidir le cur i bhfeidhm Clár Náisiúnta na Vacsaínithe. Ní hamháin go gcosnaítear an t-oibrí ar leith ach a theaghlach agus a ghaolta freisin nuair a ghlactar leis an vacsaín.

## 4. Comhairle agus Acmhainní Faisnéise

- **An Rialtas** - (Government information COVID-19 )

- Is féidir teagmháil a dhéanamh le h**Ionad Teagmhála an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** ag
    - **Fón**: 0818 289 389 agus **rPhost** - wcu@hsa.ie
    - Tá foirm ghearáin ar líne ar fáil freisin agus ba chóir á húsáid nuair is féidir.
    - www.hsa.ie

- **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (LFCS)**
    - HSElive - **Fón**: 1800 700 700
    - www.hse.ie
    - www.hpsc.ie

- **An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Lárionad Glaonna Tacaíochta an COVID-19 do Gnólachtaí** - le haghaidh faisnéise ar thacaíochtaí an Rialtais atá ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil tionchar ag an COVID-19 orthu.
    - **Fón**: 01 631 2002 agus **rPhost**: infobusinesssupport@enterprise.gov.ie

- **An Coimisiún um Chaidreamh san Ait Oibre (CCO) Eolas agus Seirbhís do Chustaiméirí:**
    - **Fón:** 059 9178 990

- **An t-Údarás um Chaighdeáin Náisiúntana hÉireann (NSAI)**
    - **Fón:** 01 807 3800 agus **rPhost:** **COVID**-19-support@nsai.ie

18